



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



An Roinn Forbartha Tuaithe
agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community
Development and the Gaeltacht

Town and Village Renewal Scheme



Beart Faighte Foirgnimh agus Talún 2026 Achoimre ar an mBeart

Ba chóir gach fiosrúchán a sheoladh chuig: funding@leitrimcoco.ie

1. Intreoir

Tugadh isteach an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte in 2016 agus tá sé ar cheann de roinnt beart a dearadh chun bailte agus sráidbhailte tuaithe ar fud na hÉireann a athnuachan. Go dtí seo, leithdháileadh os cionn €210 milliún ar níos mó ná 1900 tionscadal ar fud na hÉireann faoin scéim.

Maoinítear an scéim faoi Thionscadal Éire 2040 agus 'Ár dTodhchaí Tuaithe' ina ngealltar tacú le hÉire thuaithe rathúil. Tá sé seo ríthábhachtach dár bhfolláine agus dár bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta, chultúir agus chomhshaoil náisiúnta. Baintear úsáid as cistí ón scéim chun bailte agus sráidbhailte tuaithe a athnuachan agus beocht áiteanna tuaithe a fheabhsú.

Seoladh an 'Beart Faighte Foirgnimh' in 2022 faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte chun ligean d'údaráis áitiúla foirgnimh fholmha agus thréigthe a cheannach le haghaidh forbartha amach anseo mar acmhainní pobail. Leathnaíodh an beart ina dhiaidh sin chun cineálacha breise ceannacháin a cheadú, agus tugadh an Beart Foirgnimh nó Faighte Talún air in 2025.

Tá an scéim ar fáil d'údaráis áitiúla, a oibríonn go dlúth le pobail agus gnólachtaí áitiúla chun tograí bunaithe ar áit a fhorbairt do na maoinne a fhaightear.

2. Beart Faighte Foirgnimh agus Talún 2026

Mar aitheantas ar an ngá atá ann tacú le claochlú agus athnuachan lár ár mbailte agus ár sráidbhailte, tacóidh scéim 2026 le húdaráis áitiúla foirgnimh agus/nó talamh tréigthe nó folamh a fháil láithreach. Dá réir sin, agus i gcomhréir le haidhmeanna níos leithne an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, ní mór d'aon cheannachán atá beartaithe réasúnaíocht shoiléir a leagan amach maidir le conas a úsáidfear é chun áis phobail ilfheidhmeach a sholáthar le cuspóir athnuachana baile.

Tá an Beart Faighte Foirgnimh agus Talún mar chuid den Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte foriomlán. Mar atá leis na sruthanna maoinithe eile atá ar fáil, díreann sa bheart seo ar thrí chatagóir bailte/sráidbhailte mar seo a leanas agus bunaithe ar shonraí Dhaonáireamh 2022:

Catagóir 1: Bailte agus sráidbhailte a bhfuil daonra suas le 5,000 duine iontu.

Catagóir 2: Bailte a bhfuil daonra idir 5,001 agus 10,000 duine iontu.

Catagóir 3: D'fhéadfadh bailte níos mó a bhfuil daonra suas le 15,000 duine iontu a bheith incháilithe i gcás ina bhfuil an t-iaratas d'ardchaighdeán agus ina leagtar amach gá láidir leis an infheistíocht, luach maith ar airgead agus torthaí dearfacha a mbeidh tionchar suntasach acu ar an mbaile.

Cuirtear béim lárnach na scéime ar bhailte agus sráidbhailte i gCatagóir 1.

Tá Foirm Aighneacht Suie ar fáil ar suíomh gréasáin Chomhairle Contae Liatroma agus is féidir í a sheoladh trí ríomhphost chuig: funding@leitrimcoco.ie roimh **4pm, 15th Bealtaine, 2026.**

